C/2026/2057

1.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12346 — BCI / BROOKFIELD / NBIM / MUSTANG AIV JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2057)

1. An 24 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— NBIM Renewable Infra North America AS ('NBIM', an Iorua), faoi rialú Norges Bank (an Iorua),

— Brookfield Asset Management Ltd. (Ceanada), faoi rialú Brookfield Corporation ('Brookfield'), Ceanada,

— Mustang AIV LP ('Mustang AIV', Stáit Aontaithe Mheiriceá) chuig a n-aistreoidh Brookfield leasanna in UG Mustang Holdco LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Deriva Mustang Holdco LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), North Allegheny Wind Energy Pledgor, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Scout Mustang Holdco LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Goose Prairie Holdings LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), California Wind Finance LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), UG Land Holdco, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Mustang BESS LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), agus UGP4 Finance Holding, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá) (le chéile, 'Target Assets', Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus atá faoi rialú Brookfield faoi láthair.

Gheobhaidh BCI, NBIM agus Brookfield, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, rialú comhpháirteach ar Mustang AIV agus, go hindíreach, ar Target Assets.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann a chliant ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is é NBIM rannán bainistíochta infheistíochta Norges Bank, a bhainistíonn Government Pension Fund Global faoi shainordú infheistíochta ó Aireacht Airgeadais na hIorua,

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda Ceanadach é Brookfield a dhíríonn ar chumhacht in-athnuaite agus aistriú, bonneagair, cothromas príobháideach agus réadmhaoin.

3. Is sócmhainní fuinnimh in-athnuaite gréine agus gaoithe iad Target Assets atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

4. Tar éis dó réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12346 — BCI / BROOKFIELD / NBIM / MUSTANG AIV JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË